*Uimhir* 10 *de* 2022

# Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 10 *de* 2022

# ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA (LEASÚ), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Míniú
2. Leasú ar Acht 2005
3. Gearrtheideal agus comhlua

## Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Gharda Síochána, 2005 (Uimh. 20)

Achtanna an Gharda Síochána, 2005 go 2015

*Uimhir* 10 *de* 2022

# ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA (LEASÚ), 2022

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú alt 8 d'Acht an Gharda Síochána, 2005; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [17 *Meitheamh* 2022]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo, ciallaíonn "Acht 2005" Acht an Gharda Síochána, 2005.

**Leasú ar Acht 2005**

**2.** (1) Leasaítear alt 8 d'Acht 2005—

(a) i bhfo-alt (2), trí "a thionscnamh nó a sheoladh" a chur in ionad "a thionscnamh agus a sheoladh", agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(2A) I gcás go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána ionchúiseamh a thionscnamh de bhun fho-alt (2), féadfaidh an comhalta sin nó aon chomhalta eile den sórt sin an t-ionchúiseamh a sheoladh.".

(2) Na leasuithe ar alt 8 d'Acht 2005 a dhéantar le *fo-alt (1)*, beidh feidhm acu maidir le hionchúisimh arna dtionscnamh de bhun fho-alt (2) den alt sin is cuma cé acu is roimh theacht i ngníomh don alt seo nó dá éis sin a tionscnaíodh na hionchúisimh sin.

**Gearrtheideal agus comhlua**

**3.** (1) Féadfar Acht an Gharda Síochána (Leasú), 2022 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna an Gharda Síochána, 2005 go 2022 a ghairm d'Achtanna an Gharda Síochána, 2005 go 2015 agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76

Wt. —. 42. 2/23. MM Packaging. (95829). Gr.30-15.

9 781399 305655